EUROPEAN UNION AGENCY FOR RAILWAYS

Making the railway system
work better for society.

# Glao ar Iarratais do phoist mar Riarthóirí (Oifigigh Thionscadal) i réimse na Sábháilteachta, na hIdir-inoibritheachta agus an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2018/001-OPE*

I - SAINCHUNTAS AR AN bPOST

Oibreoidh an sealbhóir poist i gceann amháin d'Aonaid na Gníomhaireachta, agus é/í ag obair faoi fhreagracht Cheann an Aonaid lena mbaineann nó faoi fhreagracht an Riarthóra atá i gceannas ar an Earnáil.

Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:

- Cuspóirí na dtionscadal/na seirbhísí a thagann faoina f(h)reagracht a chomhlíonadh i gcomhréir le caighdeáin agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta;
- Tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na tionscadail/na seirbhísí sin;
- Anailís measúnú riosca agus tionchair a dhéanamh;
- A áirithiú go gcuirtear na próisis agus na nósanna imeachta is infheidhme i bhfeidhm ar bhealach cuí;
- Anailís, ullmhú agus dréachtú a dhéanamh ar pháipéir bheartais, treoirlínte agus téacsanna eile a bhaineann le réimse a s(h)aineolais;
- Reachtaíocht iarnróid an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh ar a cur chun feidhme;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí scaipthe na Gníomhaireachta a eagrú agus a chur i gcrích;
- Comhairliúchán a eagrú agus a dhéanamh le páirtithe leasmhara;
- Rannchuidiú le foirne tionscadal/seirbhíse a chomhordú agus a mhaoirsiú;
- Rannchuidiú leis na meithleacha agus na líonraí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht a thionól agus a stiúradh agus le cathaoirleacht a dhéanamh orthu;
- Saineolas a thabhairt d'Aonaid na Gníomhaireachta agus d'Institiúidí/comhghnóthais an Aontais Eorpaigh i réimse a (h)inniúlachta, nuair a iarrtar air/uirthi déanamh amhlaidh;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí seachtracha (lena n-áirítear ionadaithe ó údaráis náisiúnta laistigh den Eoraip agus lasmuigh di araon) agus cruinnithe agus tuarascálacha gaolmhara a ullmhú.

Tá an Ghníomhaireacht ar lorg Riarthóirí (Oifigigh Thionscadal) i 4 réimse dhifriúla.

Mar sin, cumhdaítear 4 réimse sa ghlao seo:

- Réimse 1: Sábháilteacht iarnróid agus deimhniú sábháilteachta;
- Réimse 2: Idir-inoibritheacht iarnróid agus údarú feithiclí;

- Réimse 3: An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) agus comharthaíocht iarnróid;
- Réimse 4: Córais sonraí iompair.

Féadfaidh iarrthóirí iarratas a dhéanamh ar réimse amháin, ar dhá réimse nó ar thrí réimse.

**Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir san fhoirm iarratais a sheolfaidh siad chuig ERA cén réimse/cé na réimsí ar a bhfuil siad ag déanamh iarratas.** Ní bheidh iarrthóirí in ann an réimse/na réimsí atá roghnaithe acu a athrú tar éis dóibh an fhoirm iarratais a sheoladh chuig ERA.

## II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann **gach ceann** de na critéir incháilitheachta seo a leanas tráth an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach:

### 1. *Riachtanais ghinearálta:*

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua)[1];
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici[2];
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist[3];
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[4];
- Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil[5] de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile[6] de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- Bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina mbainfidh an ball foirne 66 bliana amach[7].

### 2. *Cáilíochtaí:*

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus 3 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith acu.

**Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna mbronnadh ag údaráis na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le cáilíochtaí atá aitheanta mar cháilíochtaí coibhéiseacha ag údaráis ábhartha na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.**

---

[1] *Is iad seo a leanas na Ballstáit den Aontas Eorpach: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.*

2 *Más infheidhme*

3 *Sula gceapfar é/í, ceanglófar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici*

4 *Sula gceapfar é/í, cuirfear an t-iarrthóir rathúil faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a n-ainmneoidh an Ghníomhaireacht é chun a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh*

5 *Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do Leibhéal C1 mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR) http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*

6 *Eolas ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR)*

[7] *Féach Airteagal 52(a) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhairí Sealadacha, rud is infheidhme maidir le Gníomhairí ar Conradh mar a leagtar amach in Airteagal 119 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile*

***3. Taithí ghairmiúil:***

Chun cáiliú don phróifíl seo, ní mór duit é seo a leanas a bheith agat tráth an dáta deiridh le haghaidh iarratas:

- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad (a gnóthaíodh tar éis an chéim ollscoile a bhaint amach).

## III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na gcritéar roghnúcháin. Ní gá d'iarrthóirí gach ceann de na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh: is é sin le rá, ní dhéanfar iarrthóirí nach gcomhlíonann critéar roghnúcháin amháin nó níos mó a eisiamh láithreach ón bpróiseas roghnúcháin.

Is ag brath ar an réimse/na réimsí atá roghnaithe acu a bheidh na **critéir roghnúcháin** a úsáidfear chun iarratas na n-iarrthóirí a mheasúnú:

**Réimse 1:**

- Dea-thuiscint ar Bhéarla[8];
- Dea-thuiscint ar cheann amháin de na teangacha seo a leanas nó ar an dá cheann díobh: Gearmáinis[9], Polainnis[10];
- Taithí ghairmiúil 1 bhliana ar a laghad ar fhorbairt, faireachán, athbhreithniú nó measúnú a dhéanamh ar chórais bhainistíochta sábháilteachta iarnróid;
- Taithí ghairmiúil 1 bhliana ar a laghad ar thosca daonna[11] agus ar chultúr na sábháilteachta;
- Taithí ghairmiúil 1 bhliana ar a laghad ar bhainistíocht riosca.

**Réimse 2:**

- Staidéar ollscoile i réimse na hinnealtóireachta nó in ábhar ar eolaíocht chruinn é[12];
- Dea-thuiscint ar Bhéarla[13];
- Dea-thuiscint ar cheann amháin nó níos mó de na teangacha seo a leanas: Gearmáinis[14], Polainnis[15], Rúisis[16];
- Taithí ghairmiúil 1 bhliana ar a laghad ar fheithiclí iarnróid nó suiteálacha seasta a chothabháil, a oibriú nó a dhearadh;

*8 Toisc gurb é Béarla teanga na cumarsáide sa Ghníomhaireacht, tá leibhéal B2 ar a laghad i mBéarla ag teastáil*
*9 Bunaithe ar na gníomhaíochtaí a meastar go mbeidh an Ghníomhaireacht ag gabháil dóibh maidir le deimhnithe sábháilteachta agus údarú feithiclí, teastaíonn ón nGníomhaireacht baill foirne bhreise a bhfuil dea-thuiscint acu ar cheann amháin nó níos mó de na teangacha seo a leanas: Gearmáinis, Polainnis (leibhéal B2 ar a laghad)*
*10 Féach fonóta 9*
*11 Níor cheart é seo a mheascadh le bainistíocht acmhainní daonna (scileanna agus inniúlachtaí)! Is é atá i gceist le tosca daonna anseo: "eolas ar Chultúr na Sábháilteachta agus ar thosca daonna i réimse na sábháilteachta"*

*12 Is ionann eolaíochtaí cruinne agus na heolaíochtaí sin lena "n-éilítear fíorbheachtas ina gcuid torthaí". Samplaí d'eolaíochtaí cruinne is ea matamaitic, ceimic agus fisic*
*13 Féach fonóta 8*
*14 Féach fonóta 9*
*15 Féach fonóta 9*
*16 Tá tuiscint ar Rúisis (leibhéal C1 ar a laghad) ag teastáil faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta na Gníomhaireachta (e.g. idirchaidreamh le OSJD, an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF), etc.) agus faoi chuimsiú córais iarnróid 1520 mm*

- Taithí ghairmiúil 1 bhliana ar a laghad ar fheithiclí iarnróid nó Córais Eorpacha um Rialú Traenacha (ETCS) atá suite ar bord a údarú.

**Réimse 3:**

- Staidéar ollscoile i réimse na hinnealtóireachta nó in ábhar ar eolaíocht chruinn é[17];
- Dea-thuiscint ar Bhéarla[18];
- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad ar chórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht a dhearadh agus a shuiteáil;
- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad ar chórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht a dheimhniú agus a thástáil.

**Réimse 4:**

- Staidéar ollscoile i réimse na hinnealtóireachta nó in ábhar ar eolaíocht chruinn é[19];
- Dea-thuiscint ar Bhéarla[20];
- Taithí ghairmiúil 1 bhliana ar a laghad ar chláir iompair, bunachair shonraí, feidhmchláir theileamaitice, anailís sonraí, bainistíocht sonraí nó samhaltú gnó.

**Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh ar a t(h)aithí ghairmiúil san fhoirm iarratais le ERA.**

Na hiarrthóirí a mheasfar a bheith ar na hiarrthóirí is oiriúnaí ar bhonn na gcritéar roghnúcháin, tabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh agus triail scríofa.

## IV - AGALLAMH, TRIAIL SCRÍOFA AGUS TRIALACHA BREISE (más infheidhme)

Iarrthóirí a roghnófar chun freastal ar chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na gcritéar seo a leanas:

*An t-agallamh: critéir a bhaineann leis na réimsí uile:*

- A oiriúnaí atá an t-iarrthóir do na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh (scileanna idirphearsanta/bainistíochta, lena n-áirítear cumas chun obair mar chuid d'fhoireann);
- Scileanna pleanála agus eagrúcháin;
- Cumas chun cumarsáid a dhéanamh i mBéarla.

*An t-agallamh: critéir a bhaineann le gach réimse ar leith:*

**Réimse 1:**

- Eolas ar chórais bhainistíochta riosca agus ar chórais bhainistíochta sábháilteachta;
- Eolas ar phróisis chórais bhainistíochta a dheimhniú agus ar mhaoirseacht/faireachas a dhéanamh orthu;
- Eolas ar Chultúr na Sábháilteachta agus ar thosca daonna[21] i réimse na sábháilteachta.

**Réimse 2:**

- Eolas ar idir-inoibritheacht iarnróid (e.g. feithiclí iarnróid, ETCS atá suite ar bord nó suiteálacha seasta a chothabháil, a oibriú nó a dhearadh).

**Réimse 3:**

*17 Féach fonóta 12*
*18 Féach fonóta 8*
*19 Féach fonóta 12*
*20 Féach fonóta 8*
*21 Féach fonóta 11*

- Eolas agus taithí ar an gcóras ERTMS agus ar na sonraíochtaí a ghabhann leis.

**Réimse 4:**

- Eolas ar chláir iompair agus ar uirlisí tacaíochta gaolmhara lena n-úsáidtear an teicneolaíocht chun críocha próiseála sonraí.

*An triail scríofa: critéir a bhaineann leis na réimsí uile:*

- Cumas chun faisnéis scríofa a anailísiú agus a achoimriú;
- Cumas chun cumarsáid a dhéanamh i scríbhinn i mBéarla;
- Cumas chun pleanáil a dhéanamh.

# Glao ar Iarratais do phoist mar Riarthóirí (Oifigigh Thionscadal) i réimse na Sábháilteachta, na hIdir-inoibritheachta agus an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2018/001-OPE*

| | |
|---|---|
| *Dáta foilsithe:* an 12/02/2018 | *An spriocdháta le haghaidh iarratas:* 13/03/2018 (23.59 AUL, am áitiúil in Valenciennes) |
| *Cineál conartha:* Gníomhaire Sealadach 2(f)<br>Feidhmghrúpa agus grád: AD6 | *Áit fostaíochta:* Valenciennes, an Fhrainc |
| *Fad an chonartha:* 4 bliana agus féadfar é a athnuachan ar feadh tréimhse chinnte nach mó ná 4 bliana. Má dhéantar é a athnuachan arís ina dhiaidh sin, conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann | *Buntuarastal míosúil:* EUR 5 247,33 ag céim 1, agus fachtóir ualúcháin 14.8% ann (ón 01/07/2017), móide liúntais shonracha nuair is infheidhme |
| *Aonad:* http://www.era.europa.eu | |
| *Ní mór iarratais a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist seo a leanas:*<br>jobs@era.europa.eu | *Liosta ionadaithe bailí go dtí:* an 13/03/2020, tréimhse a fhéadfar a shíneadh |

### *AN GHNÍOMHAIREACHT*

Bunaíodh Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear "an Ghníomhaireacht" ina dhiaidh seo) le Rialachán (AE) Uimh. 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016. Is é an misean atá againn feidhmiú an chórais iarnróid a fheabhsú don tsochaí agus déanaimid amhlaidh trí rannchuidiú a dhéanamh maidir le Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid gan teorainneacha agus ina ráthaítear ardleibhéal sábháilteachta a chruthú trí chur chuige comhchoiteann a fhorbairt i leith sábháilteachta ar an gCóras Cumarsáide Eorpach um Rialú Traenacha (ERTMS) agus trí rochtain shimplithe ar earnáil iarnróid na hEorpa a chur chun cinn do chustaiméirí. Ina theannta sin, beidh an Ghníomhaireacht, ón mbliain 2019 i leith, ar an Údarás Eorpach a mbeidh sé de fhreagracht air deimhnithe sábháilteachta aonair do limistéar an Aontais Eorpaigh ar fad a eisiúint chuig gnóthais iarnróid, údaruithe feithicle a eisiúint lena n-úsáid i níos mó ná tír amháin agus réamhcheadú a dheonú don bhonneagar ERTMS.

Tá an Ghníomhaireacht lonnaithe in Valenciennes (ceanncheathrú) agus in Lille (ionad cruinnithe), an Fhrainc, agus fostaíonn sí 160 ball foirne faoi láthair.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin nGníomhaireacht, téigh chuig ár láithreán gréasáin: http://www.era.europa.eu

### *NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH*

Chun iarratas **bailí** a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais le ERA atá comhlánaithe go cuí a chur isteach faoin dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.

**Iarrtar ar iarrthóirí a bhfuil céimeanna/dioplómaí nár bronnadh san Aontas Eorpach acu leaganacha scanta de na céimeanna/na dioplómaí arna mbailíochtú san Aontas Eorpach a chur isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais le ERA.**

**Aon iarrthóir nach gcloíonn leis na treoracha, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin.**

Moltar d'iarrthóirí an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú mar gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist jobs@era.europa.eu faoi 23.59 Am Lár na hEorpa (am áitiúil in Valenciennes) an **13/03/2018** ar a dhéanaí, **agus uimhir thagartha an ghlao ar iarratais á sonrú go soiléir sa líne ábhair.**

Tabhair do d'aire aire le do thoil nach mbreithneofar iarratais a gheofar trí fhacs nó tríd an bpost.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur mícheart atá an fhaisnéis a thug iarrthóir, féadfar an t-iarrthóir i gceist a dhícháiliú.

Tá cosc ar iarrthóirí teagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, a dhéanamh le comhaltaí den Choiste Roghnúcháin agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Forchoimeádann an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Chur i gCrích trí tharmligean (an AACC anseo feasta) an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.

Bunófar ceithre liosta ionadaithe agus beidh siad bailí ar feadh dhá bhliain ó dháta deiridh an nós imeachta roghnúcháin. Féadfar fad a chur le tréimhse bailíochta na liostaí ionadaithe ar chinneadh ón AACC. Féadfar na liostaí ionadaithe a úsáid chun earcaíocht a dhéanamh le haghaidh poist eile lena mbaineann an feidhmghrúpa, an grád agus an phróifíl atá sonraithe thuas.

**Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras méideanna móra sonraí a phróiseáil mar gheall ar an líon ard iarratas a d'fhéadfaimis a fháil faoin spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach. Moltar d'iarratasóirí, dá bhrí sin, a n-iarratas le ERA a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.**

**Tábhachtach:** NÍOR cheart doiciméid tacaíochta (m.sh. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, cruthúnas ar thaithí, srl.) a sheoladh ag an gcéim seo, ach is féidir go n-iarrfar iad ag céim níos déanaí den nós imeachta. Ní sheolfar aon doiciméad ar ais chuig iarrthóirí.

## *NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN*

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin mar seo a leanas:

1. Cuirfidh an AACC nó a thoscaire Coiste Roghnóireachta ar bun a bheidh comhdhéanta díobh seo a leanas ar a laghad: Ceann Aonaid agus/nó Riarthóir atá i gceannas ar Earnáil, comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht d'Acmhainní Daonna agus comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht don Choiste Foirne;
2. Seiceálfaidh an Coiste Roghnóireachta na hiarratais arna gcur isteach in aghaidh na gcoinníollacha sonracha a leagtar amach sa rannán 'Critéir incháilitheachta' den Ghlao ar Iarratais;
3. Déanfar iarratais ina gcomhlíontar na coinníollacha sin a mheasúnú agus a scóráil ansin in aghaidh na gcritéar roghnúcháin a leagtar amach sa rannán 'Critéir roghnúcháin' den Ghlao ar Iarratais;

4. I gcás gach ceann de na réimsí, déanfaidh an Coiste Roghnóireachta gach iarratas incháilithe a mheasúnú agus a scóráil de réir na gcáilíochtaí oideachasúla/acadúla agus thaithí ghairmiúil an iarrthóra i dtaca leis an bpróifíl a leagtar amach sa rannán 'Sainchuntas ar an bPost' den Ghlao ar Iarratais;
5. Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh don chéad **15** iarrthóirí is airde scór, ar iarrthóirí iad nach ngnóthaíonn níos lú ná **60%** de na pointí iomlána arna ndámhachtain i dtaca leis na critéir roghnúcháin. Tabharfar cuireadh do gach iarrthóir a ghnóthaíonn scór atá cothrom leis an **15ú** hiarrthóir is airde scór;
6. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí gearrliostaithe páirt a ghlacadh sa chéad chéim eile den nós imeachta roghnúcháin, rud a mbeidh agallamh agus triail scríofa i gceist leis;
7. Is i mBéarla a dhéanfar an t-agallamh agus an triail scríofa. Más é Béarla do mháthairtheanga, is é an teanga eile a shonraítear san fhoirm iarratais a scrúdófar. Féadfaidh **cainteoirí saineolaíocha nach gá dóibh a bheith ina gcomhaltaí den choiste roghnúcháin** eolas ar Ghearmáinis, ar Pholainnis nó ar Rúisis a scrúdú ó bhéal do na hiarrthóirí sin a shonraigh Gearmáinis, Polainnis agus Rúisis faoi na critéir roghnúcháin;
8. Tá na scóir do na hagallaimh agus don triail scríofa socraithe mar seo a leanas:

   - An scór iomlán don agallamh: 70 pointe An scór íosta chun pas a ghnóthú: 42 phointe
   - An scór iomlán don triail scríofa: 30 pointe An scór íosta chun pas a ghnóthú: 18 bpointe

   **Ní mheasúnófar triail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach ngnóthaítear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.**

9. Nuair a bheidh na torthaí ar an agallamh agus an triail scríofa ar fáil, molfaidh an Coiste Roghnóireachta liosta iarrthóirí oiriúnacha don AACC. Le haghaidh gach ceann de na réimsí, cuirfear ar na liostaí ionadaithe na hiarrthóirí sin a ghnóthaíonn na pasmharcanna cáilitheacha atá sainithe i bpointe 8. Beidh liosta ionadaithe amháin ann le haghaidh gach réimse. Cuirfear na liostaí ionadaithe le chéile in ord fiúntais. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gcinntítear tairiscint poist le háit ar na liostaí ionadaithe;
10. Sula gceapfar gníomhaire sealadach, scrúdóidh an AACC an bhfuil nó nach bhfuil ag an iarrthóir aon leas pearsanta a chuirfeadh isteach ar a neamhspleáchas nó aon choinbhleacht leasa eile. Ní mór don iarrthóir aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar chur in iúl don AACC trí fhoirm ar leith a úsáid. Déanfaidh an AACC aon bheart cuí, más gá;
11. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 13/03/2020. Féadfar fad a chur lena thréimhse bailíochta le cinneadh ón AACC;
12. Ceapfar iarrthóirí oiriúnacha ar chinneadh ón AACC. Sula dtairgfear post dóibh, d'fhéadfadh go n-éileofaí ar iarrthóirí ar na liostaí ionadaithe dul faoi agallamh leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
13. Sula dtairgfear conradh fostaíochta dóibh, éileofar ar iarrthóirí ceaptha gach doiciméad ábhartha lena gcruthaítear cúlra oideachais agus taithí ghairmiúil a chur isteach;
14. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gcoiste roghnóireachta i gcás ar bith, go díreach ná go hindíreach, maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo. Coimeádann an AACC an ceart aige féin chun aon iarrthóir a thugann neamhaird ar an treoir sin a dhícháiliú.

| *ACHOIMRE AR NA COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA AGUS AR NA SOCHAIR* | |
|---|---|
| 1. Tá tuarastal díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Ina ionad sin, asbhainfear cáin chun leasa an Aontais Eorpaigh ag an bhfoinse; | **Ag brath ar chúinsí pearsanta an duine agus ar an tír thionscnaimh, d'fhéadfadh baill foirne bheith i dteideal na nithe seo freisin:** |
| 2. Teidlíocht saoire bliantúla a chuimsíonn dhá lá in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta sa bhreis ag brath ar aois agus ar ghrád an bhaill foirne, | 6. Liúntas easaoránachta nó liúntas cónaithe eachtraigh; |

| | |
|---|---|
| agus 2 ½ lá do bhaill foirne easaoránacha, anuas ar 16 lá saoire ERA ar an meán in aghaidh na bliana;<br><br>3. Oiliúint ghinearálta agus theicniúil is infheidhme agus deiseanna forbartha gairmiúla;<br><br>4. Scéim Pinsean an Aontais Eorpaigh (tar éis seirbhís 10 mbliana);<br><br>5. Cumhdach árachais ó thimpiste agus galar ceirde faoi Chomhscéim Árachais Breoiteachta an Aontais Eorpaigh, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil; | 7. Liúntas teaghlaigh;<br><br>8. Liúntas linbh chleithiúnaigh;<br><br>9. Liúntas oideachais;<br><br>10. Liúntas suiteála agus aisíocaíocht costas aistrithe;<br><br>11. Liúntas cothaithe laethúil ar feadh tréimhse shealadach thosaigh;<br><br>12. Sochair eile (aisíocaíocht costas taistil ar an bpost a thosú, etc.)<br><br>Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha faoi seach, féach **Iarscríbhinn VII leis na Rialacháin Foirne** (ó leathanach 96 go 110): http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF |

| *GEALLTANAIS* | |
|---|---|
| **Gealltanas chun comhdheiseanna a chur chun cinn:**<br>Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht agus molann sí go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar fhoras amhail náisiúntacht, aois, cine, prionsabail pholaitiúla, fealsúnachta nó chreidimh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas, ar stádas pósta agus ar aon chúinsí teaghlaigh eile. | **Nós imeachta achomhairc:**<br>Féadfaidh iarrthóirí a ghlac páirt i nós imeachta roghnúcháin aiseolas ar a bhfeidhmíocht sa triail scríofa, i dtrialacha breise agus in agallaimh a iarraidh. Aon iarrthóir a mheasann gur cuireadh an nós imeachta chun feidhme go mícheart agus/nó go ndearnadh earráid ag céim ar bith den nós imeachta measúnaithe, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a (h)iarratas, agus féadfaidh sé/sí gearán nó achomharc a dhéanamh. Chuige sin, féadfar iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach laistigh de 20 lá féilire ó seoladh an ríomhphost inar cuireadh in iúl dó/di gur diúltaíodh dá (h)iarratas. Ba cheart an tagairt don nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a shonrú san iarraidh ar athbhreithniú agus ba cheart lua soiléir a dhéanamh inti ar an gcritéar incháilitheachta/na critéir incháilitheachta a bhfuiltear ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ina leith agus ar an bhfáth a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh.<br><br>Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig bosca ríomhphoist tiomnaithe na Gníomhaireachta (jobs@era.europa.eu). |

| | |
|---|---|
| | Cuirfear an cinneadh ón gCoiste Roghnóireachta ar an ábhar in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá féilire tar éis a (h)iarraidh a fháil. |

| *NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC AGUS GEARÁIN* | |
|---|---|
| Má mheasann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, féadfaidh sé/sí gearán riaracháin a dhéanamh de réir Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas:<br><br>Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta<br>Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh<br>120, rue Marc Lefrancq<br>FR - 59300 Valenciennes<br><br>Ní mór an gearán a chur isteach laistigh de 3 mhí ón uair a cuireadh an gníomh a d'imir drochthionchar air/uirthi in iúl don iarrthóir.<br><br>Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh os comhair:<br><br>Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh<br>Seoladh Poist<br>L-2925 Lucsamburg<br>http://curia.europa.eu/<br><br>Tabhair faoi deara nach bhfuil sé de chumhacht ag an AACC aon chinneadh a dhéanann Coiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag an gCoiste Roghnóireachta faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndéantar sárú ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnóireachta. | Is féidir freisin gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:<br><br>An tOmbudsman Eorpach<br>1, Avenue du Président Robert Schuman – CS 30403<br>FR – 67001 Strasbourg Cedex<br>http://www.ombudsman.europa.eu<br><br>Tabhair faoi deara nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus le hachomharc a dhéanamh os a chomhair faoi seach de réir Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |

| *COSAINT SONRAÍ* | |
|---|---|
| Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuireann tú isteach a phróiseáil ná d'iarratas a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus fostú féideartha a dhéanamh ag an nGníomhaireacht. | Féach an nasc:<br>http://www.era.europa.eu/The-Agency/Jobs/Pages/HR-Privacy-Statement.aspx |

| | |
|---|---|
| Próiseálfar an fhaisnéis phearsanta a iarraimid uait de réir Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí na gComhphobal agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. | |